C/2024/4429

10.7.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11599 — AUNDE GROUP / TB / TBKA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/4429)

1. An 3 Iúil 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— AUNDE Achter & Ebels GmbH ('Aunde', an Ghearmáin), atá faoi rialú Aunde Group SE,

— Toyota Boshoku Corporation ('TB', an tSeapáin),

— TB Kawashima Co., Ltd. ('TBKA', an tSeapáin), atá faoi rialú TB faoi láthair.

Gheobhaidh Aunde agus TB rialú comhpháirteach ar an TBKA de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus conradh bainistíochta nó aon mhodh conartha eile.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta Ghearmánach é Aunde, táirgeann sé faoi na brandaí Aunde, Isringhausen agus Fehrer, agus is é a tháirgeann sé, i measc táirgí eile, snáth, teicstílí teicniúla agus clúdaigh suíocháin do OEManna mótarfheithiclí san Eoraip agus ar fud an domhain,

— Is monaróir comhpháirteanna mótarfheithiclí Seapánach é TB, a dhíríonn ar shuíocháin ghluaisteáin paisinéara, suíocháin do thraenacha agus d'aerárthaí chomh maith le comhpháirteanna inmheánacha agus seachtracha feithicle eile,

3. Is cuideachta Sheapánach é TBKA a dhíríonn ar fhorbairt, táirgeadh agus soláthar cineálacha éagsúla teicstílí mótarfheithiclí agus fabraicí inmheánacha, go háirithe san Áise agus i Meiriceá.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11599 — AUNDE GROUP / TB / TBKA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË